

Cuntas Leithreasa 2023

Vóta 19

Oifig an Ombudsman

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta, an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

Cuirtear an olltoradh buiséid maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana.

Tá barrachas €1.216 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Stáitchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta a Bhunú

D'fhoráil an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 do bhunú Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta. Bunaíodh an Oifig seo an 1 Eanáir 2023.

Chun comparáid bhríoch a dhéanamh idir olltoradh na bpríomhchlár don bhliain reatha agus don bhliain roimhe sin, corpraíodh na figiúirí olltoraidh d'Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta sa chuntas seo faoi Chlár A.

Ráiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha agus na prionsabail chaighdeánacha le haghaidh cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta i gCiorclán 22 de 2023, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de na nithe seo a leanas.

Rinneadh meastachán mar seo a leanas ar shaolré úsáideach agus ar rátaí amúchta gaolmhara móraicmí sócmhainní doláimhsithe.

<i>Aicme Sócmhainne</i>	<i>Saolré fhóinteach</i>	<i>Ráta amúchta</i>
Ceadúnais bhogearraí	Téarma ceadúnais (3 bliana)	33%
Bogearraí a fuarthas /a forbraíodh	5 bliana	20%

Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh á chothabháil agus á fheidhmiú ag Oifig an Ombudsman.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Stiúrthóir. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údaraítear agus a thaifeadtar i gceart, agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) chun seirbhís chomhroinnte AD, airgeadais agus párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don ONSC go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte, lena n-áirítear seirbhísí comhroinnte airgeadais, don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmiligin agus cuntasachta, agus go háirithe an méid seo a leanas.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú.

Soláthar

Cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas soláthair i ndámhachtain na gconarthaí go léir agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Sholáthair an Oifig sonraí faoi dhá chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002 chuig an Roinne Caiteachais Phoiblí, Soláthair an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chloígh an Oifig leis na treoirlínte ach amháin gur tugadh faoi chonradh amháin os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) gan phróiseas iomaíoch, ar luach iomlán €27,750 (gan CBL san áireamh).

Bhain an conradh le seirbhísí dlí ar agóid athbhreithnithe bhreithiúnaigh in aghaidh an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (SIPO). Bhí an Oifig páirteach i bpróiseas tairisceana a chuir painéal abhcóidí cuícháilithe i bhfeidhm. Bhí an ceapachán lasmuigh de phainéal seirbhísí dlí na hOifige. Ós rud é go bhfuil cás an athbhreithnithe bhreithiúnaigh fós ar siúl, tabhófar caiteachas breise. Leanfaidh an Oifig feachtas a mhúscailt maidir le bealaí agus próisis iomchuí soláthair d'fhonn atarlú a sheachaint.

Iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Oifig atá seachfhoinsithe go seachtrach, le pearsanra atá oile go cuí. Oibríonn an t-aonad iniúcháireachta inmheánaí faoi chairt a formheasadh i mí an Mhárta 2023. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig nochta dóibh faisnéis ar fáil don obair iniúcháireachta inmheánaí, agus tá a pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agamsa lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith tuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Oifig córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fógra chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na hOifige agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht ann as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne faoi leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá

freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Fhoireann Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, go tráthúil. Deimhním gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais stiúrtha ag an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Oifig atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Saincheist maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2023 a éilíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

Elaine Cassidy
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

11 Márta 2024

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 19 Oifig an Ombudsman

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Oifig an Ombudsman agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Bealtaine 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithefidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaitheann agus measúnaím rioscaí an mhírítis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithefidh míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionn, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhír sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaitheann aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidilí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 19 Oifig an Ombudsman

Cuntas Leithreasa 2023

		2023	2022
	Soláthar Meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
A Feidhm Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí/Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta	8,287	7,931	7,473
B An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí	2,086	1,537	1,444
C Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil	3,524	3,260	2,517
Ollchaiteachas	13,897	12,728	11,434
<i>Lúide</i>			
D Leithreasáí i gcabhair	476	523	470
Glanchaiteachas	13,421	12,205	10,964

Barrachas

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

	2023	2022
	€	€
Barrachas le géilleadh	1,216,389	1,323,783

Elaine Cassidy

Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

11 Márta 2024

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2023

	2023	2022
	€000	€000
Pá	10,505	9,647
Neamhphá	2,223	1,787
Ollchaiteachas	12,728	11,434
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	523	470
Glanchaiteachas	12,205	10,964
Athruithe ar shócmhainní caipitiúla^a		
<i>Athruithe ar mhaoín, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)</i>		
Dímheas	6	
<i>Athruithe ar shócmhainní dholáimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin ^b	(354)	
Amúchadh	130	
	(218)	43
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Laghdú ar fhardail	—	
Laghdú ar réamhíocaíochtaí	121	
Méadú ar ioncam fabhraithe	(4)	
Méadú ar speansais fhabhraithe	224	
	341	(202)
Caiteachas díreach	12,328	10,805
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1)	4,759	4,176
Glanchoistas an chláir	17,087	14,981

Nóta ^a Is éard atá in athruithe ar shócmhainní caipitiúla de €43,000 in 2022 ná ceannacháin de €118,000 agus dímheas de €161,000.

^b Áirítear le ceannacháin suim €6,181 i ndáil le sócmhainn dholáimhsithe atá á forbairt agus a caipitlíodh in 2022 agus a íocadh in 2023.

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 19 a tabhaíodh in áit eile.

		2023	2022
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	40	41
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	2,114	1,881
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,966	2,109
Vóta 18	Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	536	145
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	103	—
		4,759	4,176

Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €000	2022 €000
Sócmhainní seasta			
Maoín, gléasra agus trealamh	2.1	—	7
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	500	282
Iomlán na sócmhainní seasta		500	289
Sócmhainní reatha			
Réamhíocaíochtaí	2.3	562	683
Banc agus airgead tirim		386	97
Iarmhéideanna dochair eile		36	7
Ioncam fabhraithe		4	—
Iomlán na sócmhainní reatha		988	787
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		302	78
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.4	403	362
Glanmhaoiniú ón Státhiste	2.5	19	(258)
Iomlán na ndlíteanas reatha		724	182
Glansócmhainní reatha		264	605
Glansócmhainní		764	894
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.6	764	894

2.1 Maoin, gléasra agus trealamh

	Trealamh Oifige agus TF €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil		
Ag an 1 Eanáir 2023	595	595
Diúscairtí	(45)	(45)
Coigeartuithe ^b	(22)	(22)
Ag an 31 Nollaig 2023	528	528
Dímheas carntha		
Ag an 1 Eanáir 2023	588	588
Dímheas don bhliain	6	6
Dímheas ar dhiúscairtí	(45)	(45)
Coigeartuithe ^b	(21)	(21)
Ag an 31 Nollaig 2023	528	528
Glansócmhainní		
Ag an 31 Nollaig 2023	—	—
Ag an 31 Nollaig 2022	7	7

Nóta ^a An 1 Eanáir 2023, aistríodh costas, dímheas carntha agus glanluach de réir na leabhar sócmhainní lena léirítear éadail agus forbairt bogearraí ó Mhaoin, gléasra agus trealamh chuig Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2).

^b Baineann an coigeartú le míreanna aonair a bhfuil luach níos lú ná €10,000 acu a bhaint den chlár sócmhainní de réir na treorach i gclár 21/2020.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh	Sócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000
Costas nó luacháil			
Ag an 1 Eanáir 2023	1,947	36	1,983
Suimiúcháin	94	254	348
Aistrithe	38	(38)	—
Diúscairtí	(31)	—	(31)
Ag an 31 Nollaig 2023	2,048	252	2,300
Amúchadh carntha			
Ag an 1 Eanáir 2023	1,701	—	1,701
Amúchadh don bhliain ^a	130	—	130
Amúchadh diúscairtí	(31)	—	(31)
Ag an 31 Nollaig 2023	1,800	—	1,800
Glansócmhainní			
Ag an 31 Nollaig 2023	248	252	500
Ag an 31 Nollaig 2022	246	36	282

Nóta ^a Costas, dímhéas carntha agus glanluach de réir na leabhar sócmhainní doláimhsithe lena léirítear éadail agus forbairt bogearraí, aistríodh iad ó Mhaoín, gléasra agus trealamh.

2.3 Réamhíocaíochtaí

Amhail an 31 Nollaig	2023 €000	2022 €000
Ceadúnais bhogearraí	392	518
Réamhíocaíochtaí eile	170	165
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	562	683

2.4 Iarmhéideanna creidmheasa eile

Amhail an 31 Nollaig	2023 €000	2022 €000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	167	165
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	95	90
CBL	8	–
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	45	24
Ranníocaíochtaí pinsin	34	32
	349	311
Asbhaintí párolla a choimeádtar ar fionraí	36	34
Míreanna fionraí creidmheasa eile	18	17
	403	362

2.5 Glanchistiúcháin Státchiste

Amhail an 31 Nollaig	2023 €000	2022 €000
Barrachas le géilleadh	1,216	1,324
Deontas státchiste nár tarraingíodh anuas	(1,197)	(1,582)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	19	(258)
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	386	97
Iarmhéideanna dochair: fionraí	36	7
	422	104
Creidiúnaithe		
Dlíte don Stát	(349)	(311)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(54)	(51)
	(403)	(362)
	19	(258)

2.6 An cuntas maoinithe stáit

	Nóta	2023	2022
		€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		894	729
Íocaíochtaí amach ón Vóta			
Soláthar Meastacháin	Cuntas	13,421	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(1,216)	
Glan Vóta		12,205	10,964
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	4,759	4,176
Coigeartú ar shócmhainn chaipitiúil ^a	2.1	(1)	—
Sócmhainn a caipitlíodh in 2022 ^b	2.2	(6)	6
Glanchoistas an chláir	1	(17,087)	(14,981)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		764	894

Nótaí ^a Baineann an coigeartú seo le sócmhainní aonair ar lú a luach ná €10,000 a bhaint den chlár sócmhainní mar a cheanglaítear le ciorclán 1/2022 na Roinne Caiteachais Phoiblí, Soláthair an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

^b Baineann an coigeartú le méid €6,181 a íocadh in 2023 ar shócmhainn dholáimhsithe atá á forbairt agus a caipitlíodh in 2022.

2.7 Ceangaltas

Amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	344	184
Tionscadail chaipitil	333	208
	677	392

2.8 Dliteanais aibithe

Amhail an 31 Nollaig	2023 €000	2022 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár díscaoileadh ag deireadh na bliana	52	—

2.9 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Oifig le roinnt imeachtaí dlíthiúla atá ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon mhéid nó uainiú iarbhr dliteanais ionchasacha éiginnte.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána cláir a chur i láthair.

		2023		2022
		Soláthar sna Meastacháin	Toradh	Toradh athshonraithe ^a
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá, pinsin agus liúntais	11,336	10,505	9,647
ii	Taisteal agus cothú	62	20	10
iii	Oiliúint agus forbairt	250	124	106
iv	Seirbhísí gairmiúla, comhairleoireachta agus eile	676	849	476
v	Costais oibriúcháin	100	121	112
vi	Costais áitribh agus cóiríochta	60	134	93
vii	Costais sócmhainne agus trealaimh	1,319	864	921
viii	Speansais chumarsáide	94	111	69
		13,897	12,728	11,434

Nóta ^a In 2023, tháinig athrú ar fho-cheannteidil riaracháin an Vóta sin chun cairt thrasrialtais aonair na gcuntas a éascú. Athshonraíodh na figiúirí comparáideacha le haghaidh 2022 chun comhfhreagairt do na fo-cheannteidil nua.

Athruithe suntasacha

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha caiteachais ón méid a chuirtear ar fáil (+/- 25% agus €100,000).

iii Oiliúint agus forbairt

Soláthar meastacháin €250,000; olltoradh €124,000

Bhí an coigilteas €126,000 mar thoradh ar athbhreithniú ar riachtanais oiliúna na hOifige atá leagtha amach i bplean nua oiliúna agus forbartha.

iv Seirbhísí gairmiúla, comhairleoireachta agus eile

Soláthar meastacháin €676,000; olltoradh €849,000

Tharla an farasbarr €173,000 mar gheall ar chostais dlí agus socraíochtaí a bhí níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leo agus a bhí dlite ag deireadh 2023. De réir a gcineáil, tá sé deacair uainiú agus méid na socraíochtaí dlíthiúla a mheas.

vii Costais sócmhainne agus trealaimh

Soláthar measta €1.319 milliún; olltoradh €864,000

Baineann an coigilteas €455,000 le tionscadail TF áirithe arbh éigean iad a athsceidealú go príomha mar gheall ar ghanntanas foirne oilte ar thaobh an tsoláthróra. Ina theannta sin, mar gheall ar na hacmhainní foirne inmheánacha a bhí ag teastáil chun dul i dteagmháil le OGCIÓ maidir leis an tionscadal aistrithe córas, ba ghá roinnt tionscadal TF a chur siar go 2024.

Clár A Feidhm Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí/Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta

		2023		2022
		Soláthar sna Meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	7,210	6,896	6,530
A.2	Riarachán – neamhphá	1,077	1,035	943
		8,287	7,931	7,473

Clár B An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí

		2023		2022
		Soláthar sna Meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	1,465	1,052	1,065
B.2	Riarachán – neamhphá	621	485	379
		2,086	1,537	1,444

Clár C Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil

		2023		2022
		Soláthar sna Meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá	2,661	2,557	2,052
C.2	Riarachán – neamhphá	863	703	465
		3,524	3,260	2,517

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2023		2022
		Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1	Leithreasú i gcabhair	50	40	73
2	Fíneálacha íocaíochta seasta faoi alt 21 den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015	75	79	69
3	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise le luach saothair seirbhíse poiblí	350	368	328
4	Ilghnéitheach	1	36	—
Iomlán		476	523	470

Nóta 5 Líon foirne agus Luach saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2023	2022
Líon na foirne ag deireadh na bliana	<u>148</u>	<u>149</u>

5.2 Pá

	2023	2022
	€000	€000
Pá (pinsin san áireamh)	9,607	8,865
Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	32	22
Ragobair agus tinreamh breise	12	3
ÁSPC an Fhostóra	854	757
Pá iomlán	<u>10,505</u>	<u>9,647</u>

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair is airde	
			2023	2022
			€	€
Dualgais níos airde, speisialta nó breise	5	—	9,678	12,046
Ragobair agus tinreamh breise	11	—	7,226	1,589
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	3	1	12,179	6,477

5.4 Foireann oifige de réir banda pá

Seo a leanas líon na bhfostaithe Oifige ar thit a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear pá bunúsach, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra, costais phinsin fostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 aníos.

Bandaí pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Chuig	2023	2022
20,000	59,999	85	86
60,000	69,999	14	11
70,000	79,999	22	16
80,000	89,999	15	17
90,000	99,999	12	10
100,000	109,999	1	2
110,000	119,999	3	3
120,000	129,999	1	—
160,000	169,999	—	1
170,000	179,999	1	1
210,000	219,999	1	—

5.5 Socruithe eile luach saothair

Rinneadh triúr státseirbhíseach a bhí ar scor agus a raibh pinsean státseirbhíse á fháil acu a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €12,416. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Sheirbhís Phoiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

Amhail an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2023	2022
		€	€
Ró-íocaíochtaí	10	40,349	5,183
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	2	15,406	178

5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigh Chuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair incháinithe an Oifigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais.

	2023	2022
	€000	€000
Bunphá	176	168

Tá tuarastal an Oifigh Chuntasaíochta ag grád Rúnaí Cúnta.

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse áirithe thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina chomhalta den scéim aoisliúntais iar-1995 do státseirbhísigh bhunaithe, agus ní théann a teidlíocht ar shochair phinsin thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Cúiteamh agus costais dlí

Íocaíochtaí/costais arna n-íoc ag an Oifig sa bhliain

I ndáil le hagóidí dlí reachtúla, achomhairc, athbhreithnithe breithiúnacha, ionchúisimh agus imeachtaí dlíthiúla eile nach mbaineann le héilimh ó fhostaithe nó ó dhaoine den phobal.

	2023	2022
Líon cásanna	30	19
	€000	€000
Costais dlí na hOifige féin	325	160
Íocaíochtaí chuig/thar ceann na hOifige		
Cúiteamh	—	—
Costais dlí	242	99
Costais eile	—	—
Iomlán	567	259

Costais charnacha cásanna a críochnaíodh in 2023

Maidir le hagóidí dlí reachtúla, achomhairc, athbhreithnithe breithiúnacha, ionchúisimh agus imeachtaí dlíthiúla eile nach mbaineann le héilimh ó fhostaithe nó ó dhaoine den phobal.

Líon cásanna	7
	€000
Costais dlí na hOifige féin	385
Íocaíochtaí chuig/thar ceann na hOifige	
Cúiteamh	—
Costais dlí	100
Costais eile	—
Iomlán	485

6.2 Díscríbhinní

	2023	2022
	€000	€000
larmhéid an chuntais fionraí maidir le: pas taistil	—	7